# FOIRM 787S
## Tuairisceán faoi Alt 787S den ACC, 1997 (Cáin Ioncaim atá dlite ar bharrachas inmhuirir de réir Alt 787R den ACC, 1997)

**Seoladh Fillte**

**Rannóg an Ard-Bhailitheora**
**Teach an tSáirséalaigh**
**Sráid Phroinséis**
**Luimneach**
**V94 R972**

**Bain úsáid as clúdach litir ar bith agus scríobh "Saorphost" os cionn an tseolta**

**Féach ar na Nótaí agus samplaí lastall sula ndéanann tú an fhoirm a chomhlánú**

**COMHLÁNAIGH in BLOCLITREACHA (Bain úsáid as bileog leanúna más gá)**

## CUID A

**Ainm an duine aonair:**

**UPSP:**

**Ainm agus seoladh an riarthóir nó an soláthraí PEPP:** (cuir Eircode san áireamh)

## CUID B

(1) An cineál socraithe pinsin as a n-eascraíonn an Teagmhas Criostalaithe Sochair (TCS), mar shampla scéim Sochair Shainithe nó Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe pinsin ceirde (más scéim Sochair Shainithe í, sonraigh cibé acu an scéim earnála príobháidí nó poiblí atá ann), CCSP, Conradh Blianachta Scoir, PEPP srl:

2. Ainm na scéime:

(3) Ainm agus seoladh an riarthóir nó an soláthraí PEPP: (Eircode san áireamh)

(4) Uimhir an bhaill, uimhir thagartha na scéime nó uimhir TIN:

## CUID C

(1) Dáta an TCS: (LL/MM/BBBB) __/__/____

(2) Cur síos ar an Teagmhas Criostalaithe Sochair (BCE), e.g. pinsin, blianachta, cnapshuim, aistriú chuig CSC, srl.:

(3) Suim an bharrachais inmhuirir (ceangail an ríomh): ,  ,  .00

(4) Cáin dlite ar an tsuim ag (3) roimh laghdú, más ann, le haghaidh na suime ag (5): ,  ,  .00

(5) Suim na cnapshuime cánach fritháirithe in aghaidh na suime ag (4): ,  ,  .00

(6) Cáin ghlan dlite ar an tsuim ag (3): ,  ,  .00

**Ní mór an cháin atá dlite ag (6) a íoc trí ROS / mochúrsaí féach Nótaí**

**NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ**

Dearbhaím ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

Síniú

Dáta (LL/MM/BBBB) __/__/____

Cáil an tsínitheora

Fón

# TABHAIR DO D’AIRE

## Ginearálta

I gCaibidil 2C de Chuid 30, i Sceideal 23B, den Acht Comhdhlúite Cánacha (ACC) 1997, déantar foráil d’uaschiste pinsin incheadaithe ar scor chun críocha cánach.

Faoi Chaibidil 2C, leagtar teorainn (an tairseach ciste chaighdeánach, nó TCC) ar luach caipitiúil iomlán na sochar pinsin a fhéadann duine a tharraingt ina saol ó tháirgí pinsin saor ó cháin, sa chás go n-íoctar na sochair sin den chéad uair ar an 7 Nollaig 2005 nó dá éis.

Chun críocha Chaibidil 2C agus Sceideal 23B, tá an TCC socraithe ag €2m ar1 Eanáir 2014nó dá éis. Bhí sé socraithe ag €2.3m ó 7 Nollaig 2010 go 31 Nollaig 2013 agus an dá dháta sin san áireamh.

Beidh tairseach níos airde (an tairseach ciste phearsanta, nó TCP) i bhfeidhm in ionad an TCC más rud é go bhfuair duine deimhniú TCP ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Ar gach ócáid, ar an 7 Nollaig 2005 nó dá éis, ina n-éiríonn duine de bheith i dteideal sochar a fháil faoi shocrú pinsin (teagmhas criostalaithe sochair, nó TCS) de réir bhrí mhír (2) de Sceideal 23B den ACC, 1997, úsáideann siad suas cuid dá TCC nó TCP.

Sa chás go sáraíonn luach caipitil TCS, as féin nó nuair a dhéantar é a chomhiomlánú le tairseacha TCS a tógadh níos luaithe, suim an TCC nó TCP, tagann barrachas inmhuirir aníos atá cothrom le suim an bharrachais. Nuair a bheidh luach caipitiúil teagmhais nó teagmhas TCS cothrom le nó níos mó ná an TCC nó an TCP, beidh gach TCS ina dhiaidh sin ina bharrachas inmhuirir.

## Cáin Barrachais Inmhuirir

Gearrfar cáin ioncaim ar iomlán an bharrachais inmhuirir faoi Cás IV de Sceideal D ag an ardráta cánach le haghaidh na bliana cánach ina dtarlaíonn an barrachas TCE ar eascair an barrachas inmhuirir as. Ní fhéadtar aon fhaoisimh, liúntais ná asbhaintí a fhritháireamh in aghaidh an bharrachais inmhuirir agus an tsuim chánach atá dlite á ríomh. I gcúinsí áirithe áfach, féadtar cáin ar chnapshuimeanna scoir a fhritháireamh in aghaidh cáin atá dlite ar bharrachas inmhuirir (féach thíos).

Ní mór do riarthóir socraithe pinsin a asbhaineann cáin ó bharrachas inmhuirir de réir Alt 787R den ACC, 1997 an fhaisnéis a iarrtar ar an bhfoirm seo a thabhairt don Ard-Bhailitheoir **agus** an cháin a íoc, trí ROS / mo**chúrsaí** , taobh istigh de trí mhí ó dheireadh na míosa ina dtarlaíonn an barrachas TCE ar eascair an barrachas inmhuirir as.

### Cáin ar chnapshuimeanna scoir a fhritháireamh

Faoi Alt 787RA den ACC, 1997, a bhaineann le teagmhais TCS a tharlaíonn ar an 1 Eanáir 2011 nó dá éis, foráiltear, sa chás go n-asbhaintear cáin ag an ráta caighdeánach (is é sin faoi Alt 790AA (3)(a)(i) nó (3)(b)(i)(I) den ACC, 1997) ó chnapshuim scoir íoctha le duine faoi shocrú pinsin ar an dáta sin nó dá éis agus go dtagann cáin aníos freisin ar bharrachas inmhuirir i ndáil leis an duine sin (a mbeidh tionchar ag suim na cnapshuime scoir), iarrtar ar riarthóir na scéime pinsin an cháin ar an mbarrachas inmhuirir a laghdú faoin ráta caighdeánach cánach a asbhaintear ón gcnapshuim scoir agus suim ghlan an cháin barrachais inmhuirir, más ann, a íoc leis an Ard-Bhailitheoir.

An t-aon chuid den cháin íoctha a fhéadtar a fhritháireamh in aghaidh cáin barrachais inmhuirir ná an chuid sin de chnapshuim scoir suas le 25% de luach an TCC nuair a íoctar an chnapshuim (is é sin €500k do chnapshuimeanna a íoctar ar 1 Eanáir 2014 nó dá éis)[1] agus nach ndearnadh fritháireamh roimhe seo in aghaidh barrachas inmhuirir roimhe seo. I ndáil leis seo, ba chóir a thabhairt faoi deara gur córas carnach é an córas cánach cnapshuime scoir. Tá teorainn saoil saor ó cháin de €200k ag daoine aonair agus tar éis an teorainn sin a shárú ghearrtar cáin ag ráta 20% ar shuimeanna idir an teorainn saor ó cháin agus 25% den TCC infheidhmithe (an scoithphointe TCC) agus ag ráta imeallach an duine ar shuimeanna os cionn scoithphointe an TCC.

[1] €575k le haghaidh cnapshuimeanna íoctha idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Nollaig 2013 an dá dháta sin san áireamh.

**Maidir le cáin ar chnapshuimeanna scoir a asbhaintear faoi Alt 790AA ón sciar de chnapshuim a sháraíonn scoithphointe an TCC (is é sin, an sciar a ngearrtar cáin air faoi Sceideal E ag ráta imeallach an duine), ní fhéadtar an cháin sin a fhritháireamh in aghaidh cáin barrachais inmhuirir.**

Áirítear na gnéithe seo a leanas in Alt 787RA:

- folaíonn cáin chnapshuime cáin ráta caighdeánach a íocadh ar chnapshuim scoir ó thréimhse níos luaithe ach tar éis an 31 Nollaig 2010 ó scéim pinsin ar leith arna riar ag an riarthóir céanna nó ag riarthóir eile (sa mhéid nach bhfuil an cháin ar chnapshuimeanna fritháirithe cheana féin i gcoinne cáin barrachais inmhuirir),
- ní fhéadann riarthóir (A) fritháireamh a dhéanamh ach amháin in aghaidh cáin ag ráta caighdeánach a íocadh roimhe seo i leith cnapshuim scoir ag riarthóir eile (B) sa chás go bhfaigheann A teastas ó B, mar a iarrtar faoi Alt 787RA,
- maidir le cáin ar chnapshuimeanna neamhúsáidte (is é sin, nuair is mó suim na cánach cnapshuime incháilithe atá le fritháireamh ná an cháin barrachais inmhuirir) féadtar í a thabhairt ar aghaidh agus í a úsáid in aghaidh cáin barrachais inmhuirir a eascraíonn as teagmhais TCS amach anseo a tharlaíonn i ndáil leis an duine.

## Modh Íocaíochta

Ní mór an cháin ag Cuid C (6) den Fhoirm a íoc trí ROS / mo**chúrsaí** :

- Ag baint úsáid as d'uimhir chustaiméara, téigh chuig an leathanach 'Mo Sheirbhísí' ar leathanach baile ROS agus cliceáil ar "Íocaíocht a Dhéanamh"
- Cliceáil ar "Íocaíocht / Dearbhú Cánach" agus roghnaigh "Cáin ar Phinsean"
- Cliceáil ar "Barrachas Inmhuirir"
- Cliceáil ar "Déan Íocaíocht" agus cuir isteach na sonraí cuí
- Roghnaigh do mhodh íocaíochta

Féadfaidh sé gurb éard atá i gceist le híocaíocht ná cáin a asbhaineadh i ndáil le roinnt daoine aonair agus / nó féadfaidh sé go bhfolódh sé níos mó ná cineál amháin cánach pinsin. Ar choinníoll go gcuirtear na sonraí isteach i gceart le linn an phróisis íocaíochta ar líne, ní gá sonraí a sholáthar faoi na suimeanna a íocadh leis an Rannóg Cásanna Móra – Daoine Aonair Ardrachmais, an Brainse Pinsean nó le Rannóg an Ard-Bhailitheora.

Ós rud é go bhféadfadh íocaíochtaí a bheith faoi réir seiceáil fíorúcháin nó iniúchta, ba chóir duit na doiciméid tacaíochta agus admhálacha íocaíochta ar fad a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana ó dheireadh na bliana cánach ina ndéantar íocaíocht.

Ba chóir íocaíocht a dhéanamh faoi d'uimhir chustaiméara seachas an uimhir a d'fhéadfadh a bheith eisithe chun cánacha pinsin a íoc. Ós rud é go bhfuil na cánacha seo imfhálaithe, ní bheidh aon idirghníomhú le haon dliteanais chánach nó íocaíochtaí cánach eile a thagann faoi uimhir an chustaiméara.

Ba chóir teagmháil a dhéanamh le Rannóg na gCásanna Móra - Daoine Aonair Ardrachmais, Brainse na bPinsean, má dhéantar íocaíocht trí earráid nó sa chás go bhfuil cáin ar chnapshuimeanna scoir le fritháireamh in aghaidh cáin barrachais inmhuirir. Ní mór cáin ar chnapshuimeanna scoir a fhritháirítear in aghaidh cáin barrachais inmhuirir a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de thrí mhí ó dheireadh na míosa ina n-íoctar an chnapshuim.

Tá tuilleadh sonraí ar an áis íocaíochta ar líne ar fáil ar **www.revenue.ie**

## Fiosruithe

Ba chóir aon fhiosruithe i leith an dliteanais cánach ar an mbarrachas inmhuirir lena mbaineann an tuairisceán seo, a chur chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Brainse na bPinsean,
Rannóg na gCásanna Móra - Daoine Aonair Ard-Ioncaim
Radharc an Chaisleáin
52-57 Sráid Sheoirse Mhór Theas
Baile Átha Cliath 2, D02 HF50, Éire

Ba chóir gach ceist dliteanais chánach a thíolacadh trí M'Fhiosruithe

Ba chóir aon fhiosruithe i ndáil le híocaíocht a chur chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Rannóg an Ard-Bhailitheora
Cuntasaíocht Íocaíochta
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséis
Luimneach, V94 R972, Éire

Ríomhphost: cgrospaymentsgroup@revenue.ie
Fón: +353 1 738 3663

## Samplaí

**Léirítear sna samplaí seo a leanas, bunaithe ar an Tairseach Ciste Chaighdeánach de €2m atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh, an chaoi a n-oibríonn cánachas i leith barrachas inmhuirir i gcleachtas.**

### Sampla 1

Chuaigh Alex ar scor ar 1 Márta 2022 agus d'éirigh de bheith i dteideal pinsin (teagmhas criostalaithe sochair (TCS)) a raibh luach caipitil €1.9m air ar an dáta sin. Níor éirigh aon teagmhas TCS eile aníos ó 7 Nollaig 2005 agus níl aon sochair eile phinsin acu. Ba é €1.8m luach caipitil a chuid ceart pinsin neamhchriostalaithe mar a bhí ar 1 Eanáir 2022 agus, toisc go raibh siad seo níos lú ná an tairseach ciste chaighdeánach (TCC) €2m, níl siad i dteideal TCP sa chás seo.

Mar gheall go bhfuil luach caipitiúil a phinsin níos lú ná an TCC, níl aon bharrachas inmhuirir ann agus, dá bhrí sin, níl ceangal ar an riarthóir ciste pinsin Foirm 787S a chomhlánú.

### Sampla 2

Chuaigh Sidney ar scor ar an 1 Aibreán 2022 agus tháinig de bheith i dteideal pinsin (TCS) a raibh luach caipitil €2.1m air ar an dáta sin. Níor éirigh aon teagmhas TCS eile aníos dhóibh ó 7 Nollaig 2005. Ba é €1.9m luach caipitil a cuid ceart pinsin neamhchriostalaithe mar a bhí ar 1 Eanáir 2022. Mar gheall go raibh sé seo níos lú ná an TCC €2m, ní raibh siad i dteideal TCP a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Tá barrachas inmhuirir €100,000 acu (is é sin, €2.1m lúide €2m) ar a ngearrtar Cáin Ioncaim faoi Cás IV de Sceideal D ag 40%. Ní mór dá riarthóir pinsin tuairisceán a thabhairt don Ard-Bhailitheoir ar Fhoirm 787S agus an cháin dhlite (€40,000) a íoc trí ROS / mo**chúrsaí** faoin 31 Iúil 2022.

### Sampla 3

In 2013 bhí dhá theagmhas TCS ag Taylor ar luach caipitiúil iomlán €2m (is é sin, a cuid ceart criostalaithe) agus ní raibh cnapshuim scoir i gceist le ceachtar díobh. Bhí cearta pinsin neamhchriostalaithe aice i scéim eile a bhí á tiomsú aige ar luach €450,000 ar an 1 Eanáir 2014 (ach nach raibh ach luach €280,000 uirthi ar 7/12/2010). Mar gheall gur sháraigh comhiomlán na suimeanna seo ar an 1 Eanáir 2014 an TCC €2m, d'éiligh agus fuair Taylor TCP €2.3m ó na Coimisinéirí Ioncaim (an TCP uasta a d'fhéadfaí a éileamh).

Ar an 1 Bealtaine 2022, d'fheidhmigh Taylor rogha CSC faoi Alt 784(2A) den ACC, 1997 i ndáil leis na cearta pinsin neamhchriostalaithe (ar a raibh luach €500,000 acu ar an dáta sin). Aistríonn siad €375,000 chuig CSC, is é sin iarmhéid a cheart fabhraithe faoin gciste tar éis dó cnapshuim scoir a thógáil arb ionann é agus 25% den chiste.

Ós rud é gur teagmhais TCS iad feidhmiú na rogha CSC agus an chnapshuim scoir a thógáil, ní mór do riarthóir scéime Taylor a fháil amach má tá barrachas inmhuirir i gceist. Is mar seo a leanas atá an ríomh:

| | |
|---|---|
| Suim an TCP: | €2.3m |
| Lúide suim na dteagmhas TCS roimh an 1 Bealtaine 2014: | €2m |
| TCP ar fáil ar an 1 Bealtaine 2014: | €0.3m |
| Suim na dteagmhas reatha TCS (aistriú chuig CSC & cnapshuim scoir): | €0.5m |

Sa sampla seo, tá barrachas inmhuirir €200,000 ag Taylor (is é sin, €0.5m lúide €0.3m) ar a ngearrtar cáin ioncaim faoi Cás IV de Sceideal D ag 40%. Ní mór dá Riarthóir Phinsin tuairisceán a dhéanamh chuig an Ard-Bhailitheoir ar Fhoirm 787S agus an cháin atá dlite a íoc (€80,000) trí ROS / mo**chúrsaí** faoin 31 Lúnasa 2022.

**Sampla 4**

Íocadh cnapshuim scoir €300,000 le Casey, nach bhfuil TCP aige, i mí an Mhárta 2021, as ar bhain a riarthóir pinsin cáin €20,000 (€300,000 – suim saor ó cháin €200,000 = €100,000 @20%) faoi Alt 790AA (3)(a)(i) den ACC, 1997.

In Aibreán 2022, bhí TCS eile acu ó shocrú pinsin á riar ag an riarthóir céanna as a n-eascraíonn cáin barrachais inmhuirir de €50,000.

Agus suim na cánach barrachais inmhuirir atá iníoctha i leith an TCS seo á ríomh, ní mór don riarthóir an cháin barrachais inmhuirir de €50,000 a laghdú faoin gcnapshuim roimhe sin de €20,000. Tá suim ghlan na cánach barrachais inmhuirir, m.sh €30,000, le híoc leis an Ard-Bhailitheoir.

(Dá mbeadh an cháin chnapshuime asbhainte ag riarthóir eile in 2021, bheadh teastas ón riarthóir eile ag teastáil ón riarthóir reatha chun fritháireamh na cánach cnapshuime sin a cheadú).

**Sampla 5**

Thóg Sam, a bhfuil TCP €2.2m aige, sochair scoir ó CBS ar an 8 Bealtaine 2022 ina raibh cnapshuim 25% de €100,000 ann agus infheistíocht na hiarmhéide €300,000 in CSC. Bhí luach €370,000 ar an CBS seo ar an 1 Eanáir 2022 agus is é seo a sochar scoir deiridh. Bhí na teagmhais TCS roimhe seo a leanas ar luach €1.905m acu:

- Sochar pinsin sainithe de €50,000 sa bhliain dar tús an 1 Iúil 2018 (Luach TCS = €1m, is é sin €50,000 x 20),
- CBS de €500,000 tógtha i mí Mheán Fómhair 2020 mar chnapshuim scoir 25% agus an tsuim fhanta mar chnapshuim incháinithe, agus
- CCSP dar luach €405,000 i mí Feabhra 2022 nuair a tógadh cnapshuim scoir 25% (bhí luach €330,000 air ar an 1 Eanáir 2022).

Is é €105,000 an barrachas inmhuirir, agus is ionann cáin 40% air agus €42,000. Fuarthas an deimhniú cuí ón riarthóir CCSP i ndáil leis an ráta caighdeánach cánach de €5,250 íoctha ar an gcnapshuim CCSP. Is é €20,000 suim na cánach cnapshuime a íoctar ag an ráta caighdeánach i leith na cnapshuime reatha CBS. Déantar iad seo a fhritháireamh in aghaidh na cánach barrachais inmhuirir ag tabhairt dliteanas glan €17,800 le híoc ag an riarthóir CBS leis an Ard-Bhailitheoir roimh an 31 Lúnasa 2022 agus Foirm 787S leis.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

**Séanadh Dlíthiúil**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs